Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Greenway

*Glasbheal Iarthar Chorcaí*

**Glasbhealach Chorcaigh Thiar -**
**Codanna Dhroichead na Bandan**

# Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1

## Coincheap agus Indéantacht

13 Bealtaine - 14 Meitheamh 2024



Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Oifig na mBóithre Náisiúnta Chorcaí
Cork National Roads Office

A TETRA TECH COMPANY



## Réamhrá

Tá Comhairle Contae Chorcaí ag tabhairt faoi na céimeanna luatha a bhaineann le forbairt Ghlasbhealaigh idir Crois an Bharraigh, Droichead na Bandan agus Cloich na Coillte agus ceangal aige le Tigh Molaige. Cuirfidh an tionscadal seo, atá á mhaoiniú ag Bonneagar Iompair Éireann (TII), Glasbhealach ar fáil a fhreastalóidh ar chúlchríocha Dhroichead na Bandan, Chloich na Coillte agus Thigh Molaige. Ceapadh RPS ag Comhairle Contae Chorcaí chun seirbhís chomhairliúcháin ildisciplíneach a chur ar fáil chun an tionscadal a thabhairt chun cinn trí na céimeanna dearaidh agus pleanála, ag cloí le Céimeanna 1-4 de Threoirlínte Bhainistíocht Tionscadail an TII.

## Faisnéis Lárnach

Beidh Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 maidir leis an limistéar staidéir ar siúl idir an 13 Bealtaine agus an 14 Meitheamh 2024. Beidh an comhairliúchán seo ar siúl ar líne trí shuíomh gréasáin an tionscadail agus beidh dhá lá de chomhairliúchán poiblí ag a mbeidh daoine i láthair:

- **Dé Máirt, an 21 Bealtaine 2024, 2pm - 8pm**
  **Halla Baile Dhroichead na Bandan, Droichead na Bandan**
- **Dé Céadaoin, an 22 Bealtaine 2024, 2pm - 8pm**
  **O'Donovan's Hotel, Cloich na Coillte**

Féach ar an leathanach deireanach chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an gcomhairliúchán poiblí.



## Tairbhí an Tionscadail

Éascóidh an Glasbhealach seo fás inbhuanaithe laistigh de na pobail áitiúla i gceantar máguaird Dhroichead na Bandan agus Chloich na Coillte trí nascacht fheabhsaithe, féidearthacht turasóireachta méadaithe agus aistriú cora iompair a éascú ó thurais i gcarranna go húsáid taistil ghníomhaigh.

**Níos mó Turasóireachta**

**Níos mó Taistil Ghníomhaigh**

**Astaíochtaí Carbóin Laghdaithe**

## Deiseanna an Tionscadail

Is iontach an deis í forbairt na nGlasbhealaí chun spleáchas ar charranna a laghdú, deiseanna gnó a mhéadú agus eispéireas iontach a chur ar fáil do chuairteoirí agus muintir na háite araon. Is réigiún tuaithe é an réigiún atá ann idir Crois an Bharraigh, Droichead na Bandan, Cloich na Coillte agus Tigh Molaige den chuid is mó, ach cuireann sé deiseanna fostaíochta áitiúla ar fáil sna bailte agus na ceantair máguaird, agus tá acmhainn mhór aige d'aistriú córa iompair ó charranna go modhanna taistil ghníomhaigh agus fiontair thurasóireachta amach anseo. Tugann an Glasbhealach deis mhaith chun áilleacht nádúrtha agus gnéithe oidhreachta na háite laistigh den réigiún a fheabhsú chomh maith.

## Cuspóirí an Tionscadail

Is iad príomhchuspóirí an tionscadail seo ná Glasbhealach a chur ar fáil a bheidh inbhuanaithe, inrochtana, sábháilte agus tarraingteach do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon. Má bhaintear amach na cuspóirí seo, éascóidh an tionscadal an méid seo a leanas:



**Tairbhí d'Úsáideoirí Iompair agus Tairbhí Eacnamaíocha**
Tacaigh le nascacht agus fás eacnamaíoch i nDroichead na Bandan, Cloich na Coillte agus an ceantar máguaird.



**Inrochtaineacht**
Aistriú córa iompair agus nascacht/ inrochtaineacht ilmhódach ar áiseanna, seirbhísí agus saoráidí atá ann cheana a chur chun cinn.



**Sóisialta**
Feabhas a chur ar ionchuimsiú sóisialta agus pobail níos sláintiúla a chur chun cinn trí phobail áitiúla Chrois an Bharraigh, Dhroichead na Bandan, Chloich na Coillte agus Thigh Molaige a nascadh lena chéile.



**Úsáid Talún**
Éascaigh agus tacaigh le cur i bhfeidhm polasaithe iompair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bheidh inbhuanaithe.



**Sábháilteacht**
Bonneagar sábháilte agus inrochtana a chur ar fáil, a chuireann feabhas ar shábháilteacht agus ar shlándáil d'úsáideoirí bóthair leochaileacha agus úinéirí talún.




**An t-Athrú Aeráide**
Cuir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa trí aistrithe iompair agus córa iompair.



**An Timpeallacht Áitiúil**
Cuir leis an tuiscint atá ag an bpobal ar an timpeallacht nádúrtha agus an oidhreacht áitiúil, fad is atá sócmhainní nádúrtha agus an bhithéagsúlacht á gcosaint agus á bhfeabhsú.

# Amlíne an Tionscadail

## Céim 1
### Coincheap agus Indéantacht

Tapaigh an deis labhartha chun do thuairim faoin limistéar staidéir mholta agus an áit ar cheart go mbeadh an Glasbhealach a chur in iúl.

Coincheap agus Indéantacht

**Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1**
**Limistéar Staidéir**

**C2 2024**



Táimid anseo

## Céim 2
### Roghnú Roghanna

Tapaigh an deis labhartha maidir le roghanna bealaigh agus an próiseas roghnú roghanna.

Roghnú Roghanna

**Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2**
**Pasáistí Molta**

**C4 2024**

Rannpháirtíocht na n-Úinéirí Talún

Tapaigh an deis labhartha maidir leis an mbealach is fearr atá ag teacht chun cinn agus cé na tosca ar cheart go smaoineofaí orthu agus an scéim á dearadh.

An Rogha is Fearr

**Comhairliúchán Poiblí Uimh. 3**
**An Pasáiste is Fearr**

**C2/C3 2025**

Rannpháirtíocht na n-Úinéirí Talún

## Céim 3
### Dearadh agus Measúnú Timpeallachta

Forbróimid dearadh an réitigh is fearr go dtí go mbeidh sé ar leibhéal sonraí dothónach chun riachtanais thógáil talún a bhunú agus tabhairt faoi mheasúnú timpeallachta ar mhaithe le tionchair a aithint agus a mhaolú.

Dearadh

Measúnú Timpeallachta

Rannpháirtíocht na n-Úinéirí Talún

**2026-2027**

## Céim 4
### Próisis Reachtúla

Tabharfaimid an tionscadal chun tosaigh tríd an bPróiseas Reachtúil lena chinntiú go bhforbraítear an tionscadal de réir na reachtaíochta ábhartha pleanála agus timpeallachta.

Iarratas Pleanála

Cinneadh

**2027-2028**

## Céim 5 agus 6
### Cumasú agus Soláthar
### Tógáil agus Cur i bhFeidhm

Beidh Céimeanna 5 agus 6 faoi réir cead pleanála agus maoinithe ionas go leanfaidh an tionscadal ar aghaidh.

**Cumasú agus Soláthar**

**Tógáil agus Cur i bhFeidhm**

**Le Dearbhú**

## Cad atá ag Tarlú Anois?

Tá an tionscadal seo ag Céim 1 Coincheap agus Indéantacht faoi láthair. Is é an cuspóir atá ag Céim 1 ná indéantacht an tionscadail a fhorbairt agus a fhiosrú ar bhealach níos cuimsithí agus chun na roghanna atá ann maidir le pasáiste a aithint agus a scrúdú.

**Beidh Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 maidir leis an limistéar staidéir ar siúl idir an 13 Bealtaine agus an 14 Meitheamh 2024. Féach ar leathanach 7 chun tuilleadh sonraí a fháil.**

Beidh an comhairliúchán seo ar siúl ar líne trí shuíomh gréasáin an tionscadail agus beidh dhá lá comhairliúcháin phoiblí ag a mbeidh daoine ar siúl laistigh den cheantar staidéir. Tá an fhaisnéis ar fad atá ar taispeáint ag na himeachtaí comhairliúcháin phoiblí i láthair agus foirmeacha aiseolais ar líne ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail, lena n-áirítear léarscáil den limistéar staidéir.



Droichead na Bandan



Cloch na Coillte



Tigh Molaige



## Limistéar Staidéir

Tá limistéar staidéir fhorleathan aitheanta ag Comhairle Contae Chorcaí chun cumas a thabhairt d'fhorbairt agus do mheasúnú roghanna bealaigh chuí don Ghlasbhealach.





## Comhairliúchán Poiblí - Bíodh Rannpháirteach

Beidh Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 maidir leis an limistéar staidéir ar siúl idir an 13 Bealtaine agus an 14 Meitheamh 2024. Beidh an comhairliúchán seo ar siúl ar líne trí shuíomh gréasáin an tionscadail agus beidh dhá lá de chomhairliúchán poiblí ar siúl laistigh den limistéar staidéir ag a mbeidh daoine i láthair. Tá foirm aiseolais ar líne ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail, lena n-áirítear léarscáil den limistéar staidéir.

## Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí

Cuir aithne ar Fhoireann an Tionscadail agus féach ar na léarscáileanna agus na cáipéisí a bhaineann leis an tionscadal ag na suíomhanna agus na hamanna seo a leanas:

**Dé Máirt, an 21 Bealtaine 2024 - Droichead na Bandan**
**2:00pm - 8:00pm**
Halla Baile Dhroichead na Bandan, An Phríomhshráid Thuaidh, Droichead na Bandan, Contae Chorcaí, P72 E448

**Dé Céadaoin, an 22 Bealtaine 2024 - Cloich na Coillte**
**2:00pm - 8:00pm**
O'Donovan's Hotel, Pearse Street,
Cloich na Coillte,
Contae Chorcaí, P85 V205

## Déan Aighneacht

Tá foirmeacha aiseolais ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.wcgbandon.ie agus beidh cóipeanna dóibh ar fáil ag na himeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí ar an láthair agus ag leabharlanna Dhroichead na Bandan agus Chloich na Coillte chomh maith.
Is féidir aiseolas a chur isteach mar seo:

**Ar líne:** www.wcgbandon.ie.

**Seoladh ríomhphoist:** info@wcgbandon.ie.

**Post:** Oifig Chorcaigh um Bóithre Náisiúnta, Comhairle Contae Chorcaí, Richmond, Gleann Maghair,
Corcaigh. T45 WA44

## Aiseolas Áitiúil

Tá Aiseolas Áitiúil ríthábhachtach do rath an Tionscadail, mar sin cuirimid fáilte is fiche roimh bhur gcuid tuairimí, smaointe agus údar imní maidir leis an méid seo a leanas:

- **Bealaí féideartha a d'fhéadfaí a chur san áireamh**
- **Suíomhanna, taitneamhachtaí nó áiseanna i do cheantar a d'fhéadfaidís a bheith tarraingteach do Ghlasbhealach, nó a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as.**
- **Gnéithe áille agus/nó oidhreachta atá i do cheantar.**

Scan an cód QR chun rochtain a fháil ar an suíomh gréasáin.

**Is é an dáta deireanach chun aighneachtaí a dhéanamh don chéim seo den chomhairliúchán ná Dé hAoine, an 14 Meitheamh 2024.**

Más mian leat cóip den leabhrán seo a fháil as Gaeilge, déan teagmháil linn.

**www.wcgbandon.ie**

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Oifig na mBóithre Náisiúnta Chorcaí
Cork National Roads Office

A TETRA TECH COMPANY